



## Comhairle Contae Chill Mhantáin Ráiteas um Chosaint Leanaí

- 1. Ainm na seirbhíse atá á cur ar fáil:** Údarás Áitiúil
- 2. Cineál na seirbhíse:** Tá thart ar 850 duine fostaithe ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ar fud limistéir leathana feidhme a chuireann raon seirbhísí cuimsitheach ar fáil. Tá líon áirithe ról ag an gComhairle, go príomha, seirbhísí ríthábhachtacha amhail tithíocht, pleanáil, caitheamh aimsire, pobal agus cultúr chomh maith le bóithre, bonneagar agus seirbhísí éigeandála a chur ar fáil. Chomh maith leis sin tá ról rialála agus forfheidhmithe aici mar aon le ról sainmhínithe in ionchuimsiú sóisialta, forbairt inbhuanaithe, rannpháirtíocht pobail, forbairt eacnamaíochta agus tacaíocht fiontraíochta.
- 3. Prionsabail chun leanaí a chosaint ar dhíobháil:** Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta do chur chuige leanbháraithe maidir lenár gcuid oibre le leanaí nuair a bhímid ag soláthar ár seirbhísí agus ár ngníomhaíochtaí go léir. Tá dualgas corparáideach agus freagracht fhoriomlán ar an Údarás Áitiúil na leanaí a bhaineann leas as a chuid Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí a chosaint.

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta do;

- Leas coiteann, forbairt sláinte agus sábháilteacht leanaí a chur chun cinn;
- Nósanna imeachta bainistíochta sábháilte a chur i bhfeidhm do na baill foirne agus na hoibrithe deonacha ar fad lena n-áirítear: nósanna imeachta láidre maidir le hearcaíocht, scagadh, maoirseacht agus tacaíocht;
- Treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha a mbeadh údair imní réasúnacha acu maidir le mí-úsáid nó faillí a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh ar leanbh atá ag baint leas as seirbhísí nó gníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil;
- A chinntiú go bhfuil Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe maidir le Cosaint Leanaí ceaptha agus fáil orthu;
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Áitiúil chun déileáil le líomhain mí-úsáide a dhéantar i gcoinne fostaí / oibrí deonach;
- Feasacht a ardú san eagraíocht ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sábháilteacht / leas leanaí;

- Nósanna imeachta a fhorbairt i ndáil le freagairt a thabhairt ar thimpistí agus ar ghearáin;
- Nósanna imeachta maidir le taifidchoimeád soiléir a fhorbairt agus a chothabháil;
- A chinntiú go bhfuil Cód Iompair i bhfeidhm le treoir shoiléir a chur ar fhostaithe agus ar oibrithe deonacha maidir leis an mbealach is cóir caitheamh le leanaí agus le daoine óga san eagraíocht;
- Polasaí maidir le comhoibriú idirghníomhaíochta a fhorbairt i gcomhar le Tusla agus leis na gníomhaireachtaí eile atá bainteach le cosaint linbh.

### Cur chuige leanbhlaraithe an Údaráis Áitiúil

Is éard atá i gceist le cur chuige leanbhlaraithe Chomhairle Chontae Chill Mhantáin:

- Caitheamh mar a chéile le gach leanbh
  - Cluas a thabhairt do leanaí agus meas a léiriú orthu
  - Leaná a bheith páirteach de réir mar is cuí
  - Spreagadh, tacaíocht agus moladh a tabhairt (beag beann ar an gcumas atá acu)
  - Caint chúí a úsáid (ó bhéal agus go fisiciúil)
  - Spraoi a bhaint as agus timpeallacht dhearfach a spreagadh
  - Cáineadh chuiditheach a dhéanamh nuair is gá
  - Caitheamh le gach leanbh mar dhuine aonair
  - Meas a léiriú ar spás pearsanta linbh
  - Leas a bhaint as áiseanna teagaisc aoisoiriúnacha
  - Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla
- 
- A bheith ar an eolas faoi shrianta ama an linbh e.g. an scoil / scrúduithe nuair atá gníomhaíochtaí á leagan amach agat
  - Timpeallacht ina bhfuil muinín a chruthú
  - A bheith ar an eolas maidir leis an *Acht um Stádas Comhionann 2000-2010* a bhaineann le hidirdhealú bunaithe ar naoi bhforas:
    - Inscne
    - Stádas Sibhialta
    - Stádas Teaghlaigh

- Aois
  - Cine
  - Reiligiún
  - Míchumas
  - Gnéaschlaonadh
  - Ball den Lucht Taistil
- Úsáid a bhaint as an eolas go léir a bhaineann le leanaí chun na críche a bhfuil sé tugtha agus sin amháin, faoi réir inní maidir le cosaint leanaí.

4. **Measúnú Riosca:** Déantar measúnuithe rioscaí chun an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann do leanbh fad is atá siad ag baint leas as ár seirbhísí a bhreithniú.

#### 5. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanai de réir na gceanglas faoin Ordú fán Acht um Thús Áite do Leanai, 2015, *Tús Áite do Leanai: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanai* (2017), agus *"Cumhdach Leanai: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas"* de chuid Tusla. Anuas ar na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta lenár mbeart leanai a chosaint fad is atá siad ag baint leas as ár seirbhís:

- Polasaí agus Nós Imeachta do Chosaint agus do Chumhdach Leanai de chuid Comhairle Chontae Chill Mhantáin:
  - Nós imeachta do bhainistiú líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair i gcoinne oibríthe / oibríthe deonacha ar leanbh a bhaineann úsáid as ár seirbhís;
  - Nós imeachta d'earcaíocht agus scagadh sábháilte a dhéanamh maidir le hoibríthe agus oibríthe deonacha a bhíonn ag obair le leanai;
  - Nós imeachta chun oiliúint agus faisnéis maidir le cumhdach leanai a chur ar fáil agus teacht a bheith orthu, lena n-áirítear eachtraí inar tharla díobháil a shainathint;
  - Nós imeachta maidir le himní i ndáil le cosaint leanai nó leas leanai a thuairisciú chuig Tusla;
- 
- Nós imeachta maidir liosta na ndaoine (más ann) sa tseirbhís ábhartha ar daoine iad atá faoi shainordú a choinneáil:
  - Nós imeachta chun duine cuí a cheapadh.

#### 6. Ábhar Imní a Thuairisciú

Is féidir le duine ar bith inní atá air/uirthi faoi leanbh a thuairisciú. Má tá aon inní ort faoi leanbh, ba chóir duit sin a thuairisciú chuig Tusla. Is féidir tuairisc a dhéanamh go pearsanta, ar an nguthán nó i scríbhinn. Is féidir le duine ar bith den phobal a bhfuil inní air faoi leanbh, teagmháil a dhéanamh le seirbhís dualgais obair shóisialach áitiúil Tusla sa cheantar ina gcónaíonn an leanbh d'fhonn comhairle a fháil lena ábhar inní a thuairisciú.

I gcás éigeandála ina gceapann tú go bhfuil baol láithreach ann do leanbh agus nach bhfuil tú ábalta teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis [An Garda Síochána](#).

Sa chás go bhfuil leanbh i mbaol lasmuigh d'uaireanta na hoifige, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí.

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta an Údaráis Áitiúil, déan teagmháil le duine acu seo a leanas:

- An tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe maidir le Cosaint Leanaí: An tUas. Michael Nicholson, Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Pobail, Cultúir agus Shóisialta: [mnicholson@wicklowcoco.ie](mailto:mnicholson@wicklowcoco.ie) agus 0404 20100
- Mary Rose Walker Uasal, Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhairle Contae Chill Mhantáin, [mrose@wicklowcoco.ie](mailto:mrose@wicklowcoco.ie) – 04040 20100
- An tUasal Brendan Martin, Leabharlannaí Chontae Chill Mhantáin, Forbairt Pobail, Cultúir agus Shóisialta: [bmartin@wicklowcoco.ie](mailto:bmartin@wicklowcoco.ie); 01 28866566
- Máire Halvey Uasal, Oifigeach Riaracháin, Forbairt Pobail, Cultúir agus Shóisialta: [mhalvey@wicklowcoco.ie](mailto:mhalvey@wicklowcoco.ie), 0404 20100

Tuilleadh eolais ar Chosaint Leanaí – [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)

**7. Duine Cúf:** Is é an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach agus Seirbhísí corparáideacha an chéad phointe teagmhála i ndáil leis an ráiteas seo

## 8. Cur i bhFeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é cur i bhfeidhm. Tá ár seirbhís tiomanta don Ráiteas um Chosaint Leanaí agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár mbeart leanaí a chosaint fad is atá siad ag baint leas as ár seirbhís, a chur i bhfeidhm.

Athbhreithneofar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo an 1 Nollaig, 2022, nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha ar aon ní dá dtagraíonn an ráiteas.

Sínithe ag:



Frank Curran  
Príomhfheidhmeannach  
Comhairle Contae Chill Mhantáin

1 Nollaig, 2020.